



## Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh 27 Eanáir – 3 Feabhra 2019

---

‘Ba cheart gurbh é  
an t-oideachas in  
iomláine na daonnachta,  
príomhthréith na  
scoileanna Caitliceacha’

An Pápa Proinsias





# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile & Bunscoile Caitliceach in Éirinn (Leibhéal 3)

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ	URNAÍ AGUS LIOTÚIRGE
<p><b>Rúndiamhair Dé</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Tugann an creideamh ár ndúshlán mar Chríostaithe, Ríocht Dé a thógáil (CCC 542).</li></ul> <p><b>Rúndiamhair Íosa Críost</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Bhíodh Íosa ag déileáil le cách, leis na bochtáin &amp; iadsan ar an imeall ach go háirithe, ar bhealach cóir, atruach (Marcas 1:40-45; / 2:1-12; / 7:31-37).</li><li>• Chabhraigh Íosa le daoine a gcuid saol a leasú.</li></ul> <p><b>Rúndiamhair na hEaglaise</b></p> <p>Tá Ríocht Dé bunaithe ar an gcóir, an tsíocháin, an grá (CCC 865, 2046).</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Tugann Íosa cuireadh chun na Ríochta do na peacaigh (CCC 545; Marcas 2:17; Lúcas 15:7; Lúcas: 7:11-32).</li><li>• Tógtar Ríocht Dé trí bheith cóir, trí ghrá a thabhairt don duine eile, agus don domhan a chruthaigh Dia dúinn (Mic 6: 6-8; GS 33; CCC 2045-46).</li><li>• An Eaglais: pobal ar thóg Íosa, pobal a roinneann a ghrá agus a shaol (CCC 804; 781-86).</li></ul> <p><b>Traidisiúin Chreidimh Eile</b></p> <p>Is cairde Chríost iad na Críostaithe agus a gcuid comharsana (Marcas 12:31; GS 27; CCC 1944).</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Sa pharabal 'An Samárach Maith' mínítear gur comharsana linne na creidimh eile</li><li>• Bíonn dialóg againn leis na creidimh eile toisc gur dúirt Íosa linn an chomharsa a ghrá</li></ul>	<p><b>Urnaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Guí chuig Íosa mar oide, mar cheannaire, mar chara.</li></ul> <p><b>Urnaí Fhoirmiúil</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Fíor na Croise</li><li>• Glóir don Athair</li><li>• 'Sé do Bheatha a Mhuire (CCC 2676)</li><li>• Ár nAthair (CCC 2759)</li><li>• Paidir na Maidine</li><li>• Paidir na hOíche</li><li>• Altú Roimh &amp; i nDiaidh Béilí</li><li>• Paidir don Aingeal Coimhdeachta</li></ul> <p><b>Na Sacraimintí</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Bhronn Íosa maithiúnas ar na peacaigh &amp; thug ar ais isteach sa chomhlúadar iad (Lúcas 15; 19:9; CCC 1443).</li><li>• Iarrimid agus bronnamid maithiúnas ar nós Íosa.</li><li>• Deir Íosa: an té a thugann buille sa leiceann dheas duit, iompaigh chuige an leiceann eile freisin, an té a chuirfeadh an dlí ort chun do léine a bhreith uait, scaoil leis do bhrat chomh maith. (Matha 5:38-40).</li></ul> <p><b>Aifreann</b></p> <p>4. Moladh &amp; Buíochas</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Déanaimid an tAifreann a cheiliúradh le buíochas a ghabháil le Dia as ucht féachaint chuige gur shlánaigh Íosa ar an gcros agus tríd an Aifreann sinn.</li></ul>
BRIATHAR DÉ	AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ
<p><b>An Bíobla</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Creideann an Críostaí go bhfuil na soiscéil ag croilár na Scrioptúr (CCC 125, 139).</li><li>• Múineann na soiscéil dúinn glacadh le hÍosa agus a Bhriathar a chur i bhfeidhm inár saol</li></ul> <p><b>Saol Poiblí Íosa (CCC 543-56; 857-62)</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Lúcas 10:25-37. An Samárach Maith</li></ul>	<p><b>An Dínit Dhaonna</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Bíonn Ríocht Dé á thógáil againn nuair a bhainimid úsáid as na tallanna a bhronn Dia orainn (Gein 2:27).</li><li>• Iarrann Dia orainn feidhmiú ar a shon &amp; Ríocht Dé ar domhan a thógáil (CCC 307).</li></ul> <p><b>Teagasc Sóisialta na hEaglaise</b></p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Deir Íosa go bhfuil luach i ngach duine. Caithfidh an Críostaí grá a bhronnadh ar chách, gan eisceacht. (CCC 1825).</li><li>• Baineann an dínit chéanna le cách. Tógtar in íomhá Dé sinn. (CCC 225, 356-61, 369, 1604, 1700-01, 1944-46, 2319, 2334).</li></ul>



## Luan: Traidisiún Beo na Scoile Caitlicí

28 Eanáir 2019

*Gabhaimis buíochas leis na daoine a bhíonn ag múineadh sna scoileanna Caitliceacha. Is gníomh grámhar an múineadh, ar nós na beatha a bhronnadh ar dhuine*

An Pápa Proinsias, 1 Márta 2014



### ► Smaoinigh: Ár scoil Chaitliceach

- Cén fáth gur áit ar leith í an scoil seo againne?
- Cad iad na rudaí a thaitníonn linn faoin scoil?
- Cad a tharlaíonn i scoil Chaitliceach?

### ► Urnaí

Smaoinimis ar feadh nóiméid ar phobal na scoile seo. (Sos)

Nuair a bhímid ag guí, bímid ag comhrá le Dia.

Gearraimid fíor na croise orainn féin: In ainm an Athar... (Déan aithris ar an múinteoir)

A Dhia grámhar, éist lenár nguí;

Guímid ar son chách ar scoil,

Guímid go leanfaimid orainn de bheith ag tabhairt aire dá chéile ar scoil.

Amen.

### ► Taighde: Bhronn Dia luach agus dínit orainn

- Ceistigh an rang: Cad is brí le 'dínit'?
- I ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna, lorg an focal 'dínit' san fhoclóir, nó ar líne.
- Déan na mínithe a fuarthas a phlé. An bhfuil ceart chun na dínite ag an uile dhuine againn? Cé a bhronn an ceart sinn orainn? Conas a bhíonn a fhios againn go dtugtar ceart chun na dínite dúinn? Cad a dhéanaimid ar scoil le tabhairt le fios do dhaoine eile go mbaineann dínit leo?

### ► Machnamh

Bíonn ceart chun na dínite ag cách sa scoil Chaitliceach.

Ba cheart déileáil le cách ar bhonn caoin measúil, toisc gur mar sin a dhéileáilann

Dia linne.

Phléigh Íosa le cách ar bhealach maorga, bídis bocht, ina n-easláin, gan cara ar bith acu.

Conas mar a bheidh mise ag plé le daoine eile ar scoil ar bhealach maorga measúil? Bí caoin, cothrom, comhbhách, cairdiúil leo, díreach mar a mhúin Íosa dúinn.

### ► Gníomhaigh


I rith na seachtaine seo caithfidh gach aon pháiste gníomh cineálta a dhéanamh ar mhaithe le duine eile ar scoil, nó sa rang. Baineann an luach céanna le cách toisc go dtugann Dia an grá céanna dúinne ar fad. Déan ransú smaointe maidir leis na bealaí ina bhféadfaí déileáil ar bhonn na dínite leis an duine eile.

Scríobh nó tarraing pictiúr a dhéanann cur síos ar an uair ina ndearna duine eile rud éigin duitse a thug le fios duit go raibh meas acu ort agus gur thuig siad gur bhain dínit leat. Maisigh agus cuir ar taispeáint é.



# Bhraith mé an dínit nuair... ..

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019  
Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh





## Máirt: Fáilte Roimh Éagsúlacht sa Scoil Chaitliceach

29 Eanáir 2019

*Is féidir foghlaim ón dialóg nuair a dhéileáiltear leis an duine eile ar bhonn ceart measúil, agus éisteacht cheart á thabhairt, nuair a chuirtear tuairimí ar aghaidh go macánta gan caolú á dhéanamh ar ár dtuairimí féin, agus é faoi ghrásta an spioraid.....larrtar ar na scoileanna agus ar na hollscoileanna modh oibre chomhphlé intleachtúil a chur i bhfeidhm agus an aidhm leis an fhírinne a lorg.*

An Pápa Proinsias, 9 Feabhra 2017



### ► Smaoinigh: Is daoine éagsúla muid

Bíonn buanna agus tallanna uathúla ag an uile dhuine againn. Ní féidir le duine eile mo shaol a chaitheamh. Chruthaigh Dia muid mar neacha uathúla. Feictear chuige sa scoil Chaitliceach go n-aithnítear an dínit san uile dhuine. Caithfear scoil ionchuimsitheach a thógáil toisc go bhfuil an grá ollmhór céanna ag Dia don uile dhuine againn.

### ► Urnaí

Gearraimid fíor na croise orainn féin: In ainm an Athar ...

(Déan aithris ar an múinteoir)

A Athair grámhar éist lenár nguí;

Cabhraigh linn na dea-smaointe, an dea-fhocal, an dea-ghníomh a chothú ionainn féin.  
Amen.

### ► Taighde

Déan ransú smaointe maidir leis na tallanna atá ag na daltaí sa rang seo. Bíonn daoine go maith ag an spórt, an léamh, go maith chun cairdeas a chothú, mar dhuine a oibríonn go dian. Bíonn na mic léinn ag obair ina bpéirí le réimse tallanna agus buanna a aithint i measc an ranga.

### ► Machnamh

Bí ag smaoineamh ar na gnéithe de shaol an ranga a thaitníonn leat.

### ► Gníomhaigh

Bíonn leathanach A4 an duine ann. Scríobh 'An rud a thaitníonn liom faoi.... agus ansin d'ainm féin. Fág an leathanach ar an mbord agus téigh thart ag scríobh rud amháin a thaitníonn leat in aghaidh an duine fúthu, ar leathanaigh na ndaoine eile. Is daoine éagsúla muid, agus caithfear an fíoras sin a cheiliúradh inniu.

Is féidir amhrán Carole King; 'You've Got a Friend' a mhúineadh do na daltaí. Bíonn Íosa mar chara ag cách, cuma cén sórt daoine muid, nó cad a tharlaíonn inár gcuid saol. Ní gá dúinn ach a chairdeas a lorg, agus bronnfar orainn é.

[https://www.youtube.com/watch?v=EcXURC\\_nNhc](https://www.youtube.com/watch?v=EcXURC_nNhc)



## Déardaoin: Ár Scoil Chaitliceach ag Freastal ar an bPobal

31 Eanáir 2019

*Aistear in éineacht leis an bpobal é, an naofacht a lorg. Déantar i gcomhar lena chéile é.*

Gaudete et Exultate (141)



### ► Smaoinigh: Cad is brí le 'comhluadar'?

Déan ransú smaointe maidir leis an mbrí atá le 'pobal' agus 'comhluadar'. Scríobh na smaointe ar an gclár bán. Féach san fhoclóir nó ar líne le míniú sásúil a fháil. Na smaointe is tábhachtaí a bheadh ann ná go mbíonn daoine ag cónaí lena chéile, ag roinnt lena chéile, ag brath ar a chéile.

### ► Urnaí

In ainm an Athar ... (Déan aithris ar an múinteoir)

A Dhia ár nAthair,

Gabhaimid buíochas as an bpobal lena mairimid.

Deonaigh go mbeidh tionchar chun a leasa agam ar an gcomhluadar sin. Amen.

### ► Taighde

Is minic íosa ag tabhairt aire do bhaill an phobail, do na daoine a bhí gan cara ar bith acu ach go háirithe. Tá daoine i measc an phobail nach bhfuil chomh maith as agus mar atá muid féin. D'fhéadfadh gur daoine aosta iad, na heasláin, nó iadsan nach bhfuil duine ar bith gaolmhar leo le haire a thabhairt dóibh. Tugann an scéal faoin Samárach Maith léargas dúinn maidir le dearcadh íosa ar an mbealach ceart lenár saol féin a chaitheamh.

Seinn an físeán YouTube 'An Samárach Maith': <https://www.youtube.com/watch?v=osfQg4yKtq8>

### ► Machnamh

An dóigh leat gur lean an sagart Giúdach agus an Léivíteach teagasc íosa?

Cad a cheapann tú faoin mhéid a rinne an Samárach ar son an duine gortaithe?

Cad iad na gníomhartha cineálta a dhéanfaimis don chomhluadar seo againne?

### ► Gníomhaigh

Déan taighde ar líne féachaint an bhfuil ospidéal, nó teach cúraim, nó teach altranais sa cheantar. Is féidir pictiúir a tharraingt agus a dhathú a léiríonn na daltaí agus iad ag cabhrú le daoine eile i measc an phobail. D'fhéadfaí iad a chur ar aghaidh chuig an ospidéal



**Nod don Oide:** Ná lig do na daltaí síniú a chur le cártaí ar eagla go mbeadh a leithéid in aghaidh pholasaí um chosaint leanaí na scoile

Mura mbíonn ospidéal nó a leithéid sa cheantar, nach bhféadfaí na cártaí a thabhairt chun an tséipéil le go dtaispeánfaí don phobal i rith an Aifrinn iad, le tabhairt le fios go bhfuil teachtaireacht an tSoiscéil á chur i bhfeidhm acu: 'Gráoidh tú do chomharsa mar thú féin.' (Marcas 12:31)



**Nod don Oide:** Labhair leis an sagart/foireann an pharóiste roimh ré le cinntiú go bhfuil spás oiriúnach dá leithéid ann.



## Aoine: Tacú le Creideamh sa Scoil Chaitliceach

### 1 Feabhra 2019, Lá Fhéile Bríde

*Tuigeann lucht an chreidimh go mbíonn Dia inár dteannta ar bhealach ciúin ag gach nóiméad dar saol, san uile dhuine, ionamsa agus ionatsa, i ngach sórt suímh.*  
An Pápa Proinsias, Nua Eabhrac, Meán Fómhair 2015.



#### ► Smaoinigh: Cad iad na rudaí a bhíonn á ceiliúradh againn?

Lá breithe, comóradh bliana, an athbhliain. Déanann an Eaglais ócáidí speisialta a cheiliúradh chomh maith. Baisteadh, Faoistin, Eocairist, Cóineartú, An Nollaig, An Cháisc, Pósadh, Seachtain na Scoileanna Caitliceacha.

#### ► Urnaí

In ainm an Athar

(Déan aithris ar an múinteoir) A Dhia ár nAthair

Gabhaimid buíochas as an ngrá a léiríonn tú dúinn.

Déanaimid an grá sin a cheiliúradh i rith na seachtaine seo agus déanfaimid ár ndícheall maireachtáil de réir mar a iarrann Íosa orainn. Amen.

#### ► Taighde

Inniu an chéad lá den Earrach. Imíonn fuacht an Gheimhridh agus tosaíonn na crainn, na duilleoga agus na bláthanna ag fás agus ag bláthú athuair. Beirtear na huain ar na feirmeacha. Bíonn an mhaidin agus an tráthnóna níos gile. Cuirtear tús úr le cúrsaí, tagann beatha nua ar domhan. Tosach nua dúinne an lá inniu chomh maith.

Déan grúpaí nó péirí daltaí le hócáidí taitneamhacha a bhain le cúrsaí Eaglaise nó saolta agus a ndearnadh ceiliúradh orthu, a thabhairt chun cuimhne. Cad iad na siombailí, na deasghnátha, na mothúcháin a bhain leis na hócáidí?

#### ► Machnamh

Déan grúpaí nó péirí daltaí leis na ceachtanna tábhachtacha a d'fhoghlaimíodar i rith cheiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a ainmniú. An ndeachaigh an plé faoi dhíne an duine aonair i bhfeidhm orthu? Gur daoine uathúla ilchumasacha iad? Gur thaispeáin Íosa dúinn conas a bheith ag plé i gceart leis an duine eile?

Déan ransú smaointe agus scríobh liosta ar an gclár ban

#### ► Gníomhaigh

Scríobhann na daltaí paidreacha chun an Athar ar pháisá páipéir. Is féidir buíochas a ghabháil as an méid a d'fhoghlaimíodar, nó cabhair a lorg le bheith caoin cabhrach amach anseo ar scoil. Is féidir na paidreacha seo a chur isteach sa spás beannaithe sa seomra ranga.

**Can:** 'Mo Chairde' ó 'Beo go Deo 4' (nasc thíos). Smaoinigh air gur féidir linn a bheith caoin cabhrach mar a d'iarr Íosa orainn, de bharr na ngníomhaíochtaí a rinneamar i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha.

<https://www.youtube.com/watch?v=kRDbenoSWb0>